Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7443/26**

**AGRILEG 57**
**VETER 38**
**DELACT 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 901 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 27.3.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus lena dtugtar isteach maolú ar ghluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 901 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 901 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.3.2026
C(2026) 901 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27.3.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus lena dtugtar isteach maolú ar ghluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2016/429[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') leagtar síos rialacha i dtaca le galair in-tarchurtha ainmhithe agus rialacha i dtaca le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún laistigh den Aontas.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún[2] forlíontar na rialacha maidir le cosc agus rialú galar ainmhithe is in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le gluaiseachtaí ainmhithe talún atá ar cóiméad, agus ainmhithe talún fiáine laistigh den Aontas.

Maidir le hathchogantaigh, leagtar síos leis, i measc nithe eile, ceanglais a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopa 1-24) ('ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga') agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh.

Galar chatagóir C a bhí in ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga, dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún[3] agus bhí sé, dá réir sin, faoi réir cláir dhíothaithe roghnacha chun saoirse a bhaint amach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429. Leagtar síos rialacha maidir le cláir dhíothaithe roghnacha lena n-áirítear na ceanglais maidir le gluaiseacht ainmhithe agus iad ag teacht isteach i gcrios atá á dhíothú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún[4].

Dá bhrí sin, is iad na ceanglais a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, trí chrostagairtí, na ceanglais sin a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le gluaiseacht ainmhithe ar theacht isteach dóibh i gcrios atá á dhíothú.

Rinneadh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a athchatagóiriú mar ghalar chatagóir D le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón gCoimisiún[5] lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Beidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón 15 Iúil 2026. I measc impleachtaí eile, tugtar le tuiscint le hathchatagóiriú den sórt sin gur cheart na rialacha maidir le cláir dhíothaithe roghnacha an víris ghormtheanga,

---

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2020/688/oj).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheagus rialaithe galar a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca nach beag ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2026 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a mhéid a bhaineann le haicmiú ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) mar ghalar liostaithe (IO L, 2026/169, 27.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/169/oj).

lena n-áirítear na ceanglais maidir le gluaiseacht ainmhithe agus iad ag teacht isteach i gcrios atá á dhíothú, a scriosadh ó Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 le leasú ar leithligh.

Dá bhrí sin, leis an leasú seo, tabharfar isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 na ceanglais maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga is infheidhme maidir le gluaiseachtaí laistigh den Aontas, trí na crostagairtí atá ann faoi láthair do Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a ionadú.

Thairis sin, tá dhá ghné eile ann a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu leis an leasú seo:

– Ó thaobh na heipidéimeolaíochta de, is galair an-chosúil iad ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, agus tá na speicis liostaithe chéanna acu. Tá sé beartaithe leis an leasú seo freisin na ceanglais maidir le gluaiseachtaí ainmhithe laistigh den Aontas i gcás an dá ghalar a ailíniú a thuilleadh.
– I bhfianaise na taithí a fuarthas le blianta beaga anuas maidir leis an dá ghalar a rialú, déanfar leis an leasú seo roinnt de na ceanglais maidir le gluaiseacht ainmhithe laistigh den Aontas a mhionchoigeartú freisin.

Go háirithe, leasaítear na ceanglais seo a leanas leis an Rialachán Tarmligthe seo:

– Cuirtear deireadh leis na bearta maolaithe riosca forlíontacha d'oibreoirí seamlas a bhaineann le hoibríochtaí iompair i ndáil le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga agus le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;
– Cuirtear deireadh leis an bhféidearthacht atá ag Údarás Inniúil an Bhallstáit cinn scríbe glacadh le gluaiseacht ainmhithe ó Bhallstát eile nach bhfuil faoi réir aon cheanglas a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga ná le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;
– Cuirtear deireadh leis an maolú maidir le gluaiseachtaí ainmhithe ar coimeád a bhfuil sé beartaithe iad a mharú go Ballstáit eile;
– Cuirtear deireadh leis na ceanglais sláinte ainmhithe fhorlíontacha maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga agus le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh le haghaidh oibríochtaí iompair;
– Cuirtear deireadh leis na ceanglais maidir leis an víreas gormtheanga maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún ar coimeád ó bhunaíochtaí theoranta isteach i mbunaíochtaí theoranta i mBallstáit eile;
– Cuirtear deireadh le rialacha speisialta maidir leis an víreas gormtheanga maidir le gluaiseachtaí sorcais taistil agus seónna ainmhithe chuig Ballstáit eile;
– Leagtar síos na ceanglais ghluaiseachta chéanna is infheidhme maidir le hainmhithe fiáine i gcás ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga agus le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh.

Ina theannta sin, leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún laistigh den Aontas, lena n-áirítear each-ainmhithe. Agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 á chur chun feidhme, thug roinnt Ballstát faoi deara go bhfuil oibreoirí áirithe ag aistriú a n-each-ainmhithe cláraithe ó bhunaíocht amháin go bunaíocht eile, agus iad araon lonnaithe i gcríoch an Bhallstáit chéanna, ach ag dul trí Bhallstáit eile, toisc gur cosúil go bhfuil na bealaí sin níos oiriúnaí ó thaobh lóistíochta de. Maidir le gluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe a chomhlíonann na ceanglais ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 124 agus na bearta coisctheacha galar maidir le hiompar a leagtar síos in Airteagal 125 de Rialachán (AE) 2016/429, ní bhaineann riosca

suntasach leo maidir le leathadh galar liostaithe, ar choinníoll, le linn an trasnaithe, go ndéanfar each-ainmhithe cláraithe a scaradh go fisiceach ó each-ainmhithe an Bhallstáit trasnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart gluaiseachtaí ainmhithe den sórt sin a cheadú gan deimhniú sláinte ainmhithe má tá doiciméad féindearbhúcháin arna eisiúint ag oibreoirí ag gabháil leo.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le baill den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Sláinte Ainmhithe (E00930) i ndáil lena bhfuil sa dréacht-Rialachán Tarmligthe ag cruinnithe a tionóladh an 30 Meán Fómhair 2025 agus an 4 Samhain 2025.

Cuireadh an dréacht-Rialachán Tarmligthe ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle freisin. Ní bhfuarthas aon bharúil ó Pharlaimint na hEorpa ná ón gComhairle.

Reáchtáladh roinnt malartuithe agus cruinnithe eile le páirtithe leasmhara, chomh maith le húdaráis inniúla na mBallstát inar pléadh spreagthaí agus eilimintí ábhartha maidir le cuspóir agus ábhar an dréachtghnímh tharmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an Rialachán Tarmligthe seo le glacadh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus go háirithe de bhun Airteagal 131(1), pointí (c) agus (d), Airteagal 132(2), Airteagal 137(2), Airteagal 140, Airteagal 144(1), pointe (a)(iv) agus Airteagal 156(1) de.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27.3.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus lena dtugtar isteach maolú ar ghluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’)[1], agus go háirithe Airteagal 131(1), pointe (c) agus pointe (d), Airteagal 132(2), Airteagal 137(2), Airteagal 140, Airteagal 144(1), pointe (a)(iv), agus Airteagal 156(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha maidir le cosc agus rialú galar ainmhithe, ar galair iad atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine. Go háirithe, i gCaibidlí 3 agus 4 de Theideal I de Chuid IV den Rialachán sin, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún ar coimeád agus ainmhithe fiáine laistigh den Aontas faoi seach.

(2) Ina theannta sin, in Airteagal 4, pointe (18), de Rialachán (AE) 2016/429 sainmhínítear ‘galair liostaithe’, agus foráiltear le hAirteagal 5 den Rialachán sin go mbeidh feidhm ag rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir le galair liostaithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh.

(3) Thairis sin, le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha maidir le galair a chosc agus a rialú, rialacha atá le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla galar liostaithe. De bhun Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2016/429, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún[2] déantar gach galar liostaithe a chatagóiriú mar ghalar chatagóir A, B, C, D nó E, atá faoi réir na rialacha sonracha comhfhreagracha ó thaobh galair de dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2016/429. Rinneadh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a chatagóiriú mar ghalar C+D+E go dtí le déanaí agus déantar ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a chatagóiriú mar ghalar chatagóir D+E, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/2019-12-14.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca nach beag ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Dá bhrí sin, bhí na galair sin faoi réir na rialacha sonracha ó thaobh galair de dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (c), (d) agus (e) nó (d) agus (e), faoi seach, de Rialachán (AE) 2016/429.

(4) Glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún[3] faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus forlíontar leis na rialacha maidir le cosc agus rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le gluaiseachtaí ainmhithe talún ar coimeád agus ainmhithe fiáine, lena n-áirítear crúbacha, atá soghabhálach i leith ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh laistigh den Aontas.

(5) Liostaíodh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) go dtí le déanaí mar ghalar chatagóir C+D+E san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 agus ba é ceann de na bearta sonracha ó thaobh galair de chun é a chosc agus a rialú clár díothaithe roghnach a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429. Na rialacha maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), leagtar síos iad i Roinn 4 de Chaibidil 2 de Chuid II agus i gCuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún[4]. Ina theannta sin, le hAirteagal 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 leagtar síos freisin rialacha maidir le gluaiseachtaí ainmhithe isteach i mBallstáit nó i gcriosanna díobh a chumhdaítear le cláir dhíothaithe maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24). Dá bhrí sin, is iad na ceanglais a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, trí chrostagairtí, na ceanglais sin a leagtar síos in Airteagal 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le gluaiseachtaí ainmhithe ar theacht isteach dóibh i mBallstát nó i gcrios de a chumhdaítear le clár díothaithe.

(6) Leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 le déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón gCoimisiún[5], a bhfuil feidhm aige ón 15 Iúil 2026. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169, rinneadh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a athchatagóiriú mar ghalar chatagóir D+E. Leis an athchatagóiriú sin, is gá leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a mhéid a bhaineann le cláir dhíothaithe roghnacha, lena n-áirítear na ceanglais maidir le gluaiseachtaí ainmhithe ar theacht isteach dóibh i mBallstát nó i gcrios de a chumhdaítear le clár díothaithe maidir leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), a leagtar síos in Airteagal 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689. Beidh feidhm ag na leasuithe sin ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón 15 Iúil 2026. Dá bhrí sin, na ceanglais a bhaineann le hionfhabhtú

---

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2020/688/oj).

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

5 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2026 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a mhéid a bhaineann le haicmiú ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) mar ghalar liostaithe (IO L, 2026/169, 27.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/169/oj).

leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) maidir le gluaiseachtaí laistigh den Aontas a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, is gá iad a leasú ón dáta sin freisin.

(7) Dá réir sin, ba cheart na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a leasú leis an Rialachán seo maidir le gluaiseachtaí na speiceas liostaithe *Antilocapridae, Bovidae, Camelidae, Cervidae, Giraffidae, Moschidae*, agus *Tragulidae* laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) trí na crostagairtí atá ann faoi láthair do Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus na rialacha a leagtar síos ann faoi láthair ina leith a ionadú.

(8) Ó thaobh na heipidéimeolaíochta de, is dhá ghalar an-chomhchosúil iad ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, agus bíonn tionchar acu ar na speicis liostaithe chéanna. Dá bhrí sin, is iomchuí na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí speiceas liostaithe laistigh den Aontas i gcás an dá ghalar a ailíniú. Thairis sin, leis an taithí a fuarthas le blianta beaga anuas maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a rialú, léiríodh gur gá roinnt ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a shimpliú agus coigeartuithe áirithe a dhéanamh orthu.

(9) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, leagtar síos bearta maolaithe riosca forlíontacha d'oibreoirí seamlas a bhaineann le hoibríochtaí iompair in Airteagal 9(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 faoi láthair, agus tá siad infheidhme maidir le líon an-teoranta cásanna. A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), leagtar síos bearta maolaithe riosca forlíontacha d'oibreoirí seamlas a bhaineann le hoibríochtaí iompair in Airteagal 9(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus tá siad infheidhme maidir le raon teoranta ach níos leithne cásanna. Mar sin féin, tá leibhéal íseal éifeachtachta ag an dá fhoráil sin chun leathadh na ngalar sin a chosc sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair agus i bhfianaise leathadh veicteoir-iompartha an dá ghalar. I ngeall ar a leibhéal íseal éifeachtachta, is ualach breise ar oibreoirí iad bearta maolaithe riosca forlíontacha den sórt sin, agus níl luach suntasach coiscthe riosca i gceist leo. Ar an gcúis sin agus ar mhaithe le rialacha an Aontais a ailíniú, ba cheart na bearta maolaithe riosca forlíontacha sin le haghaidh oibreoirí seamlas a scriosadh ó Airteagal 9(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

(10) Ar mhaithe le simpliú rialacha an Aontais, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a leasú leis an Rialachán seo tríd an bhféidearthacht a bhaint d'údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe glacadh le gluaiseacht ainmhithe nach bhfuil faoi réir aon cheanglas sláinte ainmhithe a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 13, agus in Airteagal 17, pointe (b), Airteagal 24, pointe (b), Airteagal 27, pointe (b), agus Airteagal 30, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, nó nach bhfuil faoi réir aon cheanglas sláinte ainmhithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a leagtar síos faoi láthair i bpointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 10(1), Airteagal 15(1), Airteagal 23(1), Airteagal 26(1) agus Airteagal 29(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ós rud é gur annamh a d'úsáid na Ballstáit an dá fhéidearthacht sin.

(11) Ar bhonn na taithí a fuarthas maidir le cur i bhfeidhm na rialacha atá ann faoi láthair, taithí a fuarthas ó roinnt eagraíochtaí páirtithe leasmhara agus ó údaráis inniúla na mBallstát, leis an Rialachán seo ba cheart deireadh a chur leis an maolú atá ann cheana

maidir le gluaiseachtaí ainmhithe ar coimeád a bhfuil sé beartaithe iad a mharú go Ballstáit eile, ar maolú é nach mór do na hainmhithe teacht ó bhunaíocht nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) inti le linn an 30 lá deireanach roimh an dáta imeachta a leagtar síos faoi láthair in Airteagail 14, pointe (e), Airteagal 18, pointe (e), Airteagal 25, pointe (c), Airteagal 28, pointe (c) agus Airteagal 31, pointe (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688. Tugtar aghaidh go leordhóthanach ar an riosca a bhaineann le gluaiseacht ainmhithe ó bhunaíochtaí inar tuairiscíodh an galar sa 30 lá roimhe sin leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 126(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/429, chun cosc a chur ar ghluaiseacht ainmhithe a bhfuil siomptóim ghalair orthu, agus leis na hoibleagáidí atá ann cheana a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 d'oibreoir an tseamlais chun na hainmhithe sin a mharú laistigh de 24 uair an chloig tar éis dóibh teacht isteach.

(12) Thairis sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a leasú leis an Rialachán seo trí na ceanglais sláinte ainmhithe fhorlíontacha atá ann cheana maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), a leagtar síos faoi láthair in Airteagail 32 agus 33 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, agus maidir le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh le haghaidh oibríochtaí iompair, a leagtar síos faoi láthair sa tríú fomhír d'Airteagal 10(1), Airteagal 15(1), Airteagal 23(1), Airteagal 26(1) agus Airteagal 29(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a bhaint toisc go bhfuil sé an-deacair iad a chur i bhfeidhm agus go bhfuil éifeachtacht theoranta acu chun leathadh na ngalar sin a chosc sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair agus i bhfianaise leathadh veicteoir-iompartha an dá ghalar.

(13) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, níl aon cheanglas leagtha síos faoi láthair i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a bhaineann leis an ngalar sin maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún ar coimeád ó bhunaíochtaí teoranta isteach i mbunaíochtaí teoranta i mBallstát eile. A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), tá ceanglais ann maidir leis an ngalar sin le haghaidh an chineáil gluaiseachta sin a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 64 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688. Mar sin féin, tugtar aghaidh go leordhóthanach ar an riosca a bhaineann leis an gcineál gluaiseachta sin leis an oibleagáid atá ann cheana, a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, nach n-aistreoidh an t-oibreoir ainmhithe talún ar coimeád ó bhunaíocht theoranta go bunaíocht theoranta i mBallstát eile ach amháin mura bhfuil riosca mór ag baint leis na hainmhithe sin maidir le leathadh galar a liostaítear iad ina leith, ar bhonn thorthaí an chláir faireachais lena gcumhdaítear na hainmhithe sin. Dá bhrí sin, ar mhaithe le simpliú agus ailíniú rialacha an Aontais, ba cheart na ceanglais a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a scriosadh ó Airteagal 64 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

(14) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, níl aon riail speisialta leagtha síos faoi láthair i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 maidir le gluaiseachtaí sorcais taistil agus seónna ainmhithe chuig Ballstáit eile. A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), tá ceanglais ann maidir leis an ngalar sin le haghaidh gluaiseachtaí den chineál sin a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 65 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688. I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair, tá éifeachtacht theoranta ag na rialacha speisialta atá ann faoi láthair chun leathadh ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a chosc. Dá bhrí sin, ar mhaithe le simpliú agus ailíniú, ba cheart na rialacha speisialta sin a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas

gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a scriosadh ó Airteagal 65 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

(15) Maidir le gluaiseacht ainmhithe talún fiáine chuig Ballstáit eile, ní dhéantar foráil sna rialacha atá ann cheana a leagtar síos in Airteagal 101 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 maidir le bearta maolaithe riosca a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh seachas éagmais an ghalair laistigh de gha 150 km le linn an 2 bhliain dheireanacha roimh an dáta imeachta. Maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), déantar foráil i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 maidir le bearta maolaithe riosca breise. Ar mhaithe le hailíniú, ba cheart Airteagal 101 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a leasú leis an Rialachán seo chun foráil a dhéanamh maidir le bearta maolaithe riosca breise a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh i gcomhréir leis na bearta sin dá bhforáiltear maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24).

(16) Le hAirteagal 144(1), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2016/429 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a bhaineann leis na maoluithe ar na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a dheimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 143(1) den Rialachán sin, maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún ar coimeád nach bhfuil riosca mór ag baint leo maidir le leathadh galar liostaithe, i gcás ina bhfuil ceann scríbe na n-ainmhithe talún sin atá ar coimeád sa Bhallstát céanna lena n-áit tionscnaimh ach go dtéann siad trí Bhallstát eile chun a gceann scríbe a bhaint amach.

(17) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún laistigh den Aontas, lena n-áirítear each-ainmhithe. Agus na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 á gcur i bhfeidhm, tá tugtha faoi deara ag roinnt Ballstát go bhfuil oibreoirí áirithe ag aistriú a n-each-ainmhithe cláraithe ó bhunaíocht amháin go bunaíocht eile, agus iad araon lonnaithe i gcríoch an Bhallstáit chéanna, ach ag dul trí Bhallstáit eile, toisc gur cosúil go bhfuil na bealaí sin níos oiriúnaí ó thaobh lóistíochta de. Maidir le gluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe a chomhlíonann na ceanglais ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 124 de Rialachán (AE) 2016/429, agus na bearta coisctheacha galar maidir le hiompar a leagtar síos in Airteagal 125 de, ní bhaineann riosca mór leo maidir le leathadh galar liostaithe, ar choinníoll, le linn an trasnaithe, go ndéanfar na heach-ainmhithe cláraithe a scaradh go fisiceach ó each-ainmhithe an Bhallstáit trasnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart gluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe den sórt sin a cheadú gan deimhniú sláinte ainmhithe má tá doiciméad féindearbhúcháin arna eisiúint ag oibreoirí ag gabháil leo agus ba cheart airteagal nua a chur isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ina bhfuil forálacha maidir le gluaiseachtaí den sórt sin.

(18) Ós rud é go bhfuil feidhm ón 15 Iúil 2026 ar aghaidh ag na leasuithe arna ndéanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 a mhéid a bhaineann le catagóiriú nua an ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin ar aghaidh freisin.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 mar a leanas:

1. in Airteagal 3, scriostar pointí (18) agus (19);

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*'Airteagal 9*

***Bearta maolaithe riosca forlíontacha d'oibreoirí seamlas***

Áiritheoidh oibreoirí seamlas go marófar ainmhithe de speicis liostaithe i dtaca le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh laistigh de 24 uair an chloig ar a dhéanaí ón am a shroichfidh siad an seamlas nuair a thiocfaidh siad ó Bhallstát eile agus:

(a) nach gcomhlíonann siad tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 1 nó i bpointe 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX; nó

(b) nach gcomhlíonann siad tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 3 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX, a bhí faoi réir údarú ó údarás inniúil Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 13(2), 17(2), 24(2), 27(2), nó 30(2).';

3. leasaítear Airteagal 10(1) mar a leanas:

(a) cuirtear pointe (f) in ionad an mhéid seo a leanas:

'(f) go gcomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 1 nó i bpointe 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX, ach amháin nuair a aistrítear na hainmhithe i gcomhréir leis na maoluithe maidir le gluaiseachtaí bó-ainmhithe ar coimeád go Ballstáit eile nó criosanna díobh dá bhforáiltear in Airteagal 13;';

(b) scriostar pointí (i) agus (j);

(c) scriostar an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír;

4. in Airteagal 11, cuirtear an mhír 4 seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

'4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo maidir le bó-ainmhithe ar coimeád a bhfuil sé beartaithe iad a mharú dá dtagraítear in Airteagal 14.';

5. in Airteagal 12, cuirtear an mhír 4 seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

'4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo maidir le bó-ainmhithe ar coimeád a bhfuil sé beartaithe iad a mharú i mBallstát eile dá dtagraítear in Airteagal 14.';

6. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

*'Airteagal 13*

***Maoluithe maidir le gluaiseachtaí bó-ainmhithe ar coimeád go Ballstáit eile a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí (1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh***

1. De mhaolú ar an gceanglas maidir le gluaiseachtaí bó-ainmhithe ar coimeád go Ballstáit eile a leagtar síos in Airteagal 10(1), pointe (f), féadfaidh údarás

inniúil an Bhallstáit tionscnaimh gluaiseacht bó-ainmhithe ar coimeád a údarú má chomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopa 1-24) nó le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 3 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX.

2. 'Ní fhéadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh na cineálacha gluaiseachtaí a údarú i gcomhréir le mír 1 ach amháin más rud é gur chuir údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi údarú gluaiseachtaí den chineál sin, gan beann ar an mBallstát tionscnaimh nó an limistéar de.';

7. in Airteagal 14, scriostar pointe (e);

8. leasaítear Airteagal 15(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) go gcomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 1 nó 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX, ach amháin nuair a aistrítear na hainmhithe i gcomhréir leis na maoluithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach nó gabhair ar coimeád go Ballstáit eile nó criosanna díobh dá bhforáiltear in Airteagal 17;';

(b) scriostar pointí (h) agus (i);

(c) scriostar an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír;

9. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

*'Airteagal 17*

***Maoluithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair ar coimeád go Ballstáit eile a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh***

1. De mhaolú ar an gceanglas maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair ar coimeád go Ballstáit eile a leagtar síos in Airteagal 15(1), pointe (e), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh gluaiseacht ainmhithe den chineál caorach nó den chineáil gabhair ar coimeád a údarú má chomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopa 1-24) nó le hionfhabhtú le galar fuilreatha eipeasótach, a leagtar amach i bpointe 3 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX.

2. 'Ní fhéadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh na cineálacha gluaiseachtaí a údarú i gcomhréir le mír 1 ach amháin más rud é gur chuir údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi údarú gluaiseachtaí den chineál sin, gan beann ar an mBallstát tionscnaimh nó an limistéar de.';

10. in Airteagal 18, scriostar pointe (e);

11. leasaítear Airteagal 23(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) go gcomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 1 nó i bpointe 2 de Chuid 1 d’Iarscríbhinn IX, ach amháin nuair a aistrítear na hainmhithe i gcomhréir leis na maoluithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál camaill ar coimeád go Ballstáit eile nó criosanna díobh dá bhforáiltear in Airteagal 24;’;

(b) scriostar pointí (j) agus (k);

(c) scriostar an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír;

12. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

*‘Airteagal 24*

***Maoluithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál camaill ar coimeád go Ballstáit eile a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí (1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh***

1. De mhaolú ar an gceanglas maidir le gluaiseacht ainmhithe den chineál camaill ar coimeád go Ballstáit eile a leagtar síos in Airteagal 23(1), pointe (g), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh gluaiseacht ainmhithe den chineál camaill ar coimeád a údarú má chomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopa 1-24) nó le hionfhabhtú le galar fuilreatha eipeasótach, a leagtar amach i bpointe 3 de Chuid 1 d’Iarscríbhinn IX.

2. ‘Ní fhéadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh na cineálacha gluaiseachtaí a údarú i gcomhréir le mír 1 ach amháin más rud é gur chuir údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi údarú gluaiseachtaí den chineál sin, gan beann ar an mBallstát tionscnaimh nó an limistéar de.’;

13. in Airteagal 25, scriostar pointe (c);

14. leasaítear Airteagal 26(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) go gcomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 1 nó 2 de Chuid 1 d’Iarscríbhinn IX, ach amháin nuair a aistrítear na hainmhithe i gcomhréir leis na maoluithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál fia ar coimeád go Ballstáit eile nó criosanna díobh dá bhforáiltear in Airteagal 27;’;

(b) scriostar pointí (j) agus (k);

(c) scriostar an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír;

15. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

*'Airteagal 27*
***Maoluithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál fia ar coimeád go Ballstáit eile a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí (1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh***

1. De mhaolú ar an gceanglas maidir le gluaiseacht ainmhithe den chineál fia ar coimeád go Ballstáit eile a leagtar síos in Airteagal 26(1), pointe (g), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh gluaiseacht ainmhithe den chineál fia ar coimeád a údarú má chomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopa 1-24) nó le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 3 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX.

2. 'Ní fhéadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh na cineálacha gluaiseachtaí a údarú i gcomhréir le mír 1 ach amháin más rud é gur chuir údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi údarú gluaiseachtaí den chineál sin, gan beann ar an mBallstát tionscnaimh nó an limistéar de.';

16. in Airteagal 28, scriostar pointe (c);

17. leasaítear Airteagal 29(1) mar a leanas:

(a) cuirtear pointe (f) in ionad an mhéid seo a leanas:

'(f) go gcomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 1 nó i bpointe 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX, ach amháin nuair a aistrítear na hainmhithe i gcomhréir leis na maoluithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe crúbacha ar coimeád go Ballstáit eile nó criosanna díobh dá bhforáiltear in Airteagal 30;';

(b) scriostar pointí (i) agus (j);

(c) scriostar an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír;

18. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

*'Airteagal 30*
***Maoluithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe crúbacha eile ar coimeád go Ballstáit eile a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí (1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh***

1. De mhaolú ar an gceanglas maidir le gluaiseacht ainmhithe crúbacha eile ar coimeád go Ballstáit eile a leagtar síos in Airteagal 29(1), pointe (f), féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh gluaiseacht ainmhithe crúbacha eile ar coimeád a údarú má chomhlíonann na hainmhithe tacar amháin ceanglas ar a laghad maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopa 1-24) nó le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 3 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX.

2. 'Ní fhéadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh na cineálacha gluaiseachtaí a údarú i gcomhréir le mír 1 ach amháin más rud é gur chuir údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi údarú gluaiseachtaí den chineál sin, gan beann ar an mBallstát tionscnaimh nó an limistéar de.';

19. in Airteagal 31, scriostar pointe (c);

20. scriostar Airteagail 32 agus 33;

21. in Airteagal 64, scriostar míreanna 2 agus 3;

22. in Airteagal 65, scriostar míreanna 2 agus 3;

23. cuirtear an tAirteagal 69a seo a leanas isteach tar éis Airteagal 69:

*'Airteagal 69a*

***Maolú maidir le gluaiseachtaí each-ainmhithe cláraithe a théann trí Bhallstáit eile chun a gceann scríbe a bhaint amach sa Bhallstát tionscnaimh***

1. De mhaolú ar an oibleagáid atá ar oibreoirí a áirithiú go ngabhann deimhniú sláinte ainmhithe le hainmhithe nuair a aistrítear iad chuig Ballstát eile a leagtar síos in Airteagal 143(1) de Rialachán (AE) 2016/429, féadfaidh oibreoirí each-ainmhithe cláraithe a aistriú i gcás ina bhfuil a gceann scríbe sa Bhallstát céanna lena n-áit tionscnaimh ach go dtéann siad trí Bhallstáit eile chun a gceann scríbe a bhaint amach ar choinníoll go ngabhann doiciméad féindearbhúcháin arna eisiúint ag an oibreoir leo le linn na gluaiseachta lena léirítear an méid seo a leanas:

   (a) go gcomhlíonann na heach-ainmhithe cláraithe ar a laghad na ceanglais ghinearálta maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún ar coimeád a leagtar síos in Airteagal 124 de Rialachán (AE) 2016/429;

   (b) nach léiríonn na heach-ainmhithe cláraithe aon siomptóm galair ar lá na gluaiseachta;

   (c) gur áirithigh an t-oibreoir go gcomhlíonann na coinníollacha iompair ar a laghad na bearta coisctheacha galar maidir le hiompar a leagtar síos in Airteagal 125 de Rialachán (AE) 2016/429, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4 agus 5 agus Airteagal 6(2) den Rialachán seo;

   (d) go ndearna an t-oibreoir na bearta is gá chun a áirithiú go gcoinsíneofar na heach-ainmhithe cláraithe go díreach chuig a gceann scríbe gan teagmháil le heach-ainmhithe eile le linn dóibh a bheith sa Bhallstát trasnaithe;

   (e) go dtagann na heach-ainmhithe cláraithe chuig an mbunaíocht cinn scríbe laistigh de 12 uair an chloig ó am an tseolta;

   (f) nach ionann an bhunaíocht seolta agus an bhunaíocht cinn scríbe;

   (g) nach mór an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an ngluaiseacht a chuimsiú sa doiciméad féindearbhúcháin:

      (i) seoladh agus cláruimhir bhunaíocht an tseolta;

      (ii) seoladh agus cláruimhir na bunaíochta cinn scríbe;

      (iii) dáta na gluaiseachta;

      (iv) speicis na n-each-ainmhithe cláraithe arna n-aistriú;

      (v) cóid uathúla na n-each-ainmhithe cláraithe arna n-aistriú;

      (vi) an modh iompair, lena n-áirítear a uimhirphláta, agus an t-iompróir, lena n-áirítear an t-ainm agus an chláruimhir;

(h) caithfidh an t-oibreoir a bheith ar an eolas go bhfuil údarú an Bhallstáit trasnaithe dá dtagraítear i mír 2 infheidhme agus go maireann sé ar feadh thréimhse na gluaiseachta.

2. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit trasnaithe in iúl don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don phobal go bhfuil na gluaiseachtaí sin údaraithe.';

24. leasaítear Airteagal 101 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c)(iv):

'(iv) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh laistigh de gha 150 km in ainmhithe talún de speicis liostaithe i gcás na ngalar sin le linn na tréimhse 2 bhliain roimh an dáta imeachta.';

(ii) scriostar pointe (d);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. De mhaolú ar phointe (c)(iv) de mhír 4, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh gluaiseacht ainmhithe talún fiáine a údarú ar ainmhithe iad a bhaineann le finte *Antilocapridae, Bovidae, Camelidae, Cervidae, Giraffidae, Moschidae* nó *Tragulidae,* má chomhlíonann na hainmhithe ceann amháin ar a laghad de na ceanglais maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) nó le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a leagtar amach i bpointe 4 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX.';

(c) cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

'6. Ní dhéanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh cineálacha gluaiseachtaí ainmhithe talún fiáine go Ballstáit eile a údarú ach amháin i gcomhréir le ceann amháin de na tacar ceanglas a leagtar amach i bpointí 4(b), 4(c) nó 4(d) de Chuid 1 d'Iarscríbhinn IX, má chuir údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi údarú na gcineálacha sin gluaiseachtaí gan beann ar an mBallstát tionscnaimh nó limistéar de.';

25. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IX.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*